

RÍOCHT NA BEILGE
AN GHNÍOMHAIREACHT FHEIDEARÁLACH
CÓNAIDHME UM CHÓGAIS AGUS TÁIRGÍ
SLÁINTE

Foraithne Ríoga lena leasaítear
Foraithne an Leasrí an 6 Feabhra 1946
lena rialaítear stóráil agus sreabhadh
substaintí nimhiúla agus tocsaineacha

PHILIPPE, Rí na mBeilgeach,

Dóibh siúd uilig atá i láthair agus atá le
teacht,

Beannachtaí.

Ag féachaint do Dhlí an 24 Feabhra 1921 maidir le gáinneáil ar shubstaintí nimhiúla, suanchógas, támhshuanacha, díghalráin agus antaiseipteacha agus substaintí a fhéadfar a úsáid i monarú aindleathach substaintí támhshuanacha agus síceatrópacha, Airteagal 1, fomhír 1, arna leasú go deireanach le Dlí an 30 Deireadh Fómhair 2018;

Ag féachaint do Dhlí an 25 Márta 1964 maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, Airteagal 3(2), fomhír 1, arna leasú le Dlí an 5 Bealtaine 2022;

Ag féachaint do Dhlí an 5 Bealtaine 2022 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta, Airteagal 50(2), fomhír 1;

Ag féachaint d'Fhoraithne an Leasrí an 6 Feabhra 1946 lena rialaítear stóráil agus sreabhadh substaintí nimhiúla agus tocsaineacha;

Ag féachaint don tuairim ón gCigireacht Airgeadais, arna heisiúint an 12 Aibreán 2024;

Ag féachaint don iarraidh ar thuairim chuig an gComhairle Stáit laistigh de 30 lá, de bhun Airteagal 84(1), fomhír 1(2) de na dlíthe maidir leis an gComhairle Stáit, arna comhordaithe an 12 Eanáir 1973;
De bhrí gur cuireadh an iarraidh ar thuairim isteach an 29 Aibreán 2024 i gclárann Roinn Reachtaíochta na Comhairle Stáit faoi uimhir 76.313/3;

;

Ag féachaint don chinneadh ón Roinn Reachtaíochta an 29 Aibreán 2024 gan tuairim a thabhairt laistigh den tréimhse a iarradh, de bhun Airteagal 84(5), de na dlíthe ar an gComhairle Stáit, arna comhordaithe an 12 Eanáir 1973;

I dtaca le togra ón Aire Sláinte Poiblí,

Chinneamar agus leis na foraithe seo:

Airteagal 1. In Airteagal 2, fomhír 3, an cúigiú fleasc, d'Fhóraithne an Leasrí an 6 Feabhra 1946 lena rialaítear stóráil agus sreabhadh substaintí nimhiúla agus tocsaineacha, a cuireadh isteach le Foraithe Ríoga an 5 Aibreán 2001, cuirtear na focail 'suas le (m) agus an (m) san áireamh' in ionad na bhfocal 'suas le (k)'.

Airteagal 2. Déantar na leasuithe seo a leanas ar Airteagal 3, i Liosta IV, den Fhóraithne chéanna:

(1) déantar fomhír 3, arna leasú go deireanach le Foraithe Ríoga an 10 Meitheamh 2001, a fhorlíonadh le (l) agus (m), agus an fhoclaíocht seo a leanas inti:

'(l) eifidrín, steiré-isiméirí d'eifidrín, salainn d'eifidríne, eistear d'eifidríne, salainn agus eistir steiré-isiméirí d'eifidríne, iontu féin agus i meascáin;

(m) aigéad fusidic.';

(2) i bhfomhír 5, ar cuireadh an Fhóraithne Ríoga an 22 Meán Fómhair 2000 ina hionad agus arna leasú leis an bhForaithe Ríoga an 5 Aibreán 2001, tá na focail 'suas le (k)' 'suas le (m) agus an (m) san áireamh'.

Airteagal 3. In larscríbhinn I a ghabhann leis an bhForaithe chéanna, déantar na leasuithe seo a leanas:

(1) i Liosta III, aisghairtear an ró 'Ephedrini hydrochloridum laevogyrum';

(2) i Liosta III, aisghairtear an ró 'Eifidrinum';

(3) i Liosta IV, cuirtear na focail 'Ullmhóidí feiniolprópánólaimín atá ceaptha goile a shochtadh' in ionad na bhfocal 'Ullmhóidí eifidríne agus feiniolprópánólaimíne atá ceaptha goile a shochtadh';

(4) i Liosta IV, cuirtear ró isteach faoin ró '- Ectylurem', leis an bhfoclaíocht seo a leanas: '- Eifidrinum'.

Airteagal 4. Beidh an tAire Sláinte Poiblí freagrach as an bhForaithe seo a chur i ngníomh.

Eisithe

DE RÉIR AN RÍ:

An tAire Sláinte Poiblí,

Frank VANDENBROUCKE